



Nóta Eolais ESR 0002/2023

**Chuig: Boird Bhainistíochta
i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim
Saoroideachais, seachas Pobalscoileanna Náisiúnta agus Iar-bhunscoileanna
BOO**

**Earcú Rúnaithe Scoile a maoiníodh roimhe seo faoi mhaoiniú deontais
coimhdeach**

1. Réamhrá

Is é cuspóir an Nóta Faisnéise seo:

- (a) a dheimhniú go bhfuil samhail á forbairt chun poist rúnaí a leithdháileadh seachas rúnaithe atá ceadaithe ag an Roinn i scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus iad sin atá fostaithe faoi scéim 1978/1979, agus go n-eiseofar é in am trátha;
- (b) na socrúithe a leagan amach a mbeidh feidhm acu maidir le hearcú rúnaithe den sórt sin go dtí go bhfoilseofar an tsamhail leithdháilte sin chun an scála pá athbhreithnithe a dheimhniú (a leagtar amach in Aguisín 1) a bhfuil feidhm aige ó Mheán Fómhair 2023, tar éis méaduithe pá a chur i bhfeidhm atá ag teacht leis na comhaontuithe pá náisiúnta a rinneadh le déanaí;
- (c) a leagan amach gur cheart rúnaithe **nua-earcaithe** a chur ar an bpointe scála ábhartha (ar bhonn *pro rata* de réir mar is cuí) den scála pá in Aguisín 1 i gcomhréir le roinn 2.2 thíos.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go dtiocfaidh méadú pá eile i bhfeidhm, a thagann leis an méadú do sheirbhísigh phoiblí faoi 'Fuinneamh a Fhorbairt' go luath i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus cuirfear scála pá athbhreithnithe eile ar fáil in am agus i dtráth.



2. Earcaíocht, fostú agus luach saothair rúnaithe scoile

2.1: Earcaíocht

De réir alt 2.2 de Chiorclán 36/2022, le héifeacht ón 13 Meitheamh 2022, ní mór do scoileanna rúnaithe nua-earcaithe a fhostú ar na téarmaí agus coinníollacha nua. Cé nach sonraíonn an Roinn aon rialacha maidir leis an gcaoi a gcuirfidh an scoil seirbhís rúnaíochta i bhfeidhm, táthar ag súil go mbeidh earcaíocht oscailte agus trédhearcach, agus go gcloífidh sí leis an dlí fostaíochta ábhartha.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur fostaíthe fós iad rúnaithe scoile i scoileanna aonair, agus cé go gcaithfidh oibleagáidí conarthacha na ndaoine sin a ghlac le téarmaí an chomhaontaithe, agus rúnaithe nua, treoir na Roinne a chur san áireamh, is idir an scoil, mar fhostóir, agus an rúnaí, mar fhostaí atá an caidreamh conarthach.

2.2: Luach Saothair

Ba chóir rúnaithe nua-earcaithe a íoc ag pointe 1 den scála (féach Aguisín 1 thíos), ach amháin:

- (a) más rúnaí scoile reatha an duine atá tar éis clárú leis na téarmaí nua cheana féin, coinníonn sé an pointe atá aige cheana féin ar an scála (ba chóir an pointe sin a dheimhniú leis an Roinn); nó
- (b) sa chás go bhfuil taithí 10 mbliana ag an duine mar rúnaí scoile, cibé acu ina scoil reatha, nó i scoileanna eile, cuirfear iad ar Phointe 5 nó;
- (c) sa chás go bhfuil taithí 20 bliain ag an duine mar rúnaí scoile, cibé acu ina scoil reatha, nó i scoileanna eile, cuirfear iad ar Phointe 7.

Ní bhreithnítear taithí chléireachais / riaracháin roimhe seo i ról mar rúnaí lasmuigh den scoil chun críocha (b) agus (c) thuas.



Mar a tugadh le fios sa dara Feasachán le haghaidh Rúnaithe Scoile, a scaipeadh ar an 07 Meitheamh 2023, tá obair ar bun chun samhail leithdháilte fhoirmiúil a thabhairt chun críche agus a eisiúint.

Go dtí sin, i gcásanna a n-earcaítear rúnaí nua in ionad iar-rúnaí, ba cheart go mbeadh na fíoruaireanta oibre/seachtainí oibre ar chóir conradh a thabhairt do rúnaí nua-earcaithe ag teacht le socruithe oibre an iar-rúnaí go dtí 37 uaireanta ar a mhéad.

Sa líon beag cásanna a n-earcaítear rúnaí breise mar gheall ar laghdú ar uaireanta an rúnaí reatha, ní mór uaireanta comhiomlána an dá rúnaí a bheith níos mó ná uaireanta oibre roimhe sin an rúnaí reatha.

Sa chás go bhfuil scoil nua ag fostú foirne ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ag secretaryreturns@education.gov.ie

Ba chóir aon cheisteanna ar an nóta eolais seo a chur chuig secretaryreturns@education.gov.ie

Is féidir teacht ar an nóta eolais seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.gov.ie

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtraí

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Párolla

15 Lúnasa 2023



Aguisín 1: Scála Pá le haghaidh Rúnaithe Scoile i bhfeidhm an 01 Márta 2023

Pointe	Ráta in aghaidh na Bliana	Ráta in aghaidh na hUaire
1	€27,146	€14.06
2	€28,861	€14.95
3	€29,283	€15.17
4	€30,141	€15.61
5	€31,391	€16.26
6	€32,645	€16.91
7	€33,902	€17.56
8	€34,811	€18.03
9	€35,844	€18.57
10	€37,039	€19.18
11	€37,889	€19.62
12	€39,075	€20.24
13	€40,269	€20.86
14	€42,516	€22.02
15	€42,516	€22.02
16	€42,516	€22.02
LSI	€44,111	€22.85